AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.9.2022
COM(2022) 464 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/1345 a mhéid a bhaineann le tús a chur le caibidlíocht leis an gColóim agus le Meicsiceo d'fhonn comhaontuithe a thabhairt i gcrích maidir le trádáil i dtáirgí orgánacha

IARSCRÍBHINN

‘AGUISÍN

TREORACHA CHUN CAIBIDLÍOCHT A DHÉANAMH AR CHOMHAONTUITHE MAIDIR LE TRÁDÁIL I dTÁIRGÍ ORGÁNACHA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN AIRGINTÍN, AN ASTRÁIL, CEANADA, AN CHOLÓIM, CÓSTA RÍCE, AN INDIA, IOSRAEL, AN tSEAPÁIN, MEICSICEO, AN NUA-SHÉALAINN, AN CHÓIRÉ THEAS, AN TÚINÉIS AGUS NA STÁIT AONTAITHE

1. Féadfaidh an Coimisiún dul i mbun caibidlíochta leis an Airgintín, leis an Astráil, le Ceanada, leis an gColóim, le Cósta Ríce, leis an India, le hIosrael, leis an tSeapáin, le Meicsiceo, leis an Nua-Shéalainn, leis an gCóiré Theas, leis an Túinéis agus leis na Stáit Aontaithe d’fhonn comhaontuithe cothroma a bhaint amach maidir le coibhéis na gcaighdeán maidir le táirgeadh orgánach agus na gcóras rialaithe.

2. Beidh sé d’aidhm ag an gcaibidlíocht trádáil i dtáirgí orgánacha a éascú, ar bhonn cómhalartach agus comhthairbheach.

3. Bainfidh an chaibidlíocht le táirgí dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/848 a fhaightear nó a tháirgtear i gcríoch an Aontais agus i gcríoch an tríú tír ábhartha.

4. Féachfaidh an Coimisiún le hardleibhéal urraime a bhaint amach maidir le cuspóirí agus prionsabail an táirgthe orgánaigh agus ardleibhéal ráthaíochta a bhaint amach maidir leis an gcóras rialaithe, lena n-áirítear faireachas, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/848.

5. Beidh sé d’aidhm ag an gCoimisiún cosaint a bhaint amach do na téarmaí, dá ndíorthaigh nó do leaganacha giorraithe díobh agus do lógó an Aontais lena dtagraítear do tháirgeadh orgánach chun a n-úsáid i lipéadú táirgí a choimeád i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848.

6. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh na prionsabail agus rialacha táirgthe i dtreoirlínte *Codex alimentarius* CAC/GL 32.

7. Mura bhforáiltear a mhalairt sna treoracha caibidlíochta le haghaidh Comhaontú Saorthrádála leis an tríú tír lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún na treoracha caibidlíochta atá ann faoi láthair a chur i bhfeidhm maidir le forálacha a bhaineann le trádáil i dtáirgí orgánacha, agus aghaidh á tabhairt aige ar ábhair trádála orgánaí sa chaibidlíocht atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas agus tríú tíortha.

8. Agus an chaibidlíocht á seoladh aige ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh go háirithe prionsabail agus sásraí an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus na hoibleagáidí a eascraíonn as rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála.

9. Leis an gcomhaontú déanfar foráil go ndéanfaidh na páirtithe conarthacha bearta iomchuí i gcás easpa comhair nó bainistithe riaracháin.

Sula dtionscnóidh an Coimisiún caibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann, cuirfidh sé Coiste Speisialta um Thalmhaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar an eolas agus tabharfaidh sé cothrom le dáta é go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu.’